2026/2129

25.9.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2129 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Meán Fómhair 2026

maidir le húdarú monaihiodráite hidreaclóiríde L-cistéine mar bhreiseán beathaithe le haghaidh cat agus madraí a athnuachan agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2015/2306

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseán a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis na forais agus na nósanna imeachta chun údarú den sórt sin a dheonú agus a athnuachan.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2306 ón gCoimisiún ([2]) údaraíodh monaihiodráit hidreaclóiríde L-cistéine ar feadh 10 mbliana mar bhreiseán beathaithe le haghaidh cat agus madraí.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, cuireadh iarratas isteach chun údarú monaihiodráite hidreaclóiríde L-cistéine mar bhreiseán beathaithe le haghaidh cat agus madraí a athnuachan, iarratas inar iarradh go n-aicmeofaí an breiseán sa chatagóir breiseán 'breiseáin chéadfacha' agus san fheidhmghrúpa 'comhdhúile blaistithe'. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 14(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas sin.

(4) Tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') ar an gconclúid sa tuairim uaidh an 18 Samhain 2025 ([3]) gur sholáthair an t-iarratasóir fianaise go bhfuil monaihiodráit hidreaclóiríde L-cistéine fós sábháilte do chait agus do mhadraí, agus d'úsáideoirí agus don chomhshaol, faoi na coinníollacha úsáide a údaraítear faoi láthair. Ina theannta sin, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur cheart a mheas gur greannaitheoir craicinn, súl agus seicní múcasacha é monaihiodráit hidreaclóiríde L-cistéine. Meastar go bhfuil riosca ag gabháil le haon nochtadh. Luaigh an tÚdarás nach n-áirítear san iarratas ar athnuachan an údaraithe togra maidir le coinníollacha an údaraithe bunaidh a leasú ná a fhorlíonadh, ar togra é a mbeadh tionchar aige ar éifeachtúlacht an bhreiseáin. Dá bhrí sin, tháinig sé ar an gconclúid freisin nach gá measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht an bhreiseáin i gcomhthéacs na hathnuachana ar an údarú. Mheas an tÚdarás nach bhfuil gá le ceanglais shonracha maidir le faireachán iarmhargaidh.

(5) Maidir leis na conclúidí agus na moltaí ar ar thángthas le linn an mheasúnaithe a rinneadh i ndáil leis an modh anailíse ar mhonaihiodráit hidreaclóiríde L-cistéine mar bhreiseán beathaithe i gcomhthéacs an údaraithe roimhe seo, ba é meas na Saotharlainne Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 go bhfuil na conclúidí agus na moltaí sin bailí agus infheidhme maidir leis an iarratas atá ann faoi láthair. I gcomhréir le hAirteagal 5(4), pointe (c), de Rialachán (CE) Uimh. 378/2005 ón gCoimisiún ([4]), níl gá le tuarascáil mheastóireachta ón tSaotharlann Tagartha dá bhrí sin.

(6) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go gcomhlíonann monaihiodráit hidreaclóiríde L-cistéine na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart údarú an bhreiseáin sin a athnuachan. Ina theannta sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte úsáideoirí an bhreiseáin a chosc. Ba cheart na bearta cosanta sin a bheith gan dochar do cheanglais eile sábháilteachta oibrithe faoi dhlí an Aontais.

([1]) IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2306 ón gCoimisiún an 10 Nollaig 2015 maidir le monaihiodráit hidreaclóiríde L-cistéine a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh cat agus madraí. (IO L 326, 11.12.2015, lch. 46, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/2306/oj).

([3]) *EFSA Journal* [Iris EFSA]. 2025;23:e9783, https://doi.org/10.2903/j.efsa.2025.9783.

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 378/2005 ón gCoimisiún an 4 Márta 2005 maidir le rialacha mionsonraithe chun Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le dualgais agus cúraimí Shaotharlann Tagartha an Chomhphobail maidir le hiarratais ar údaruithe breiseán beathaithe (IO L 59, 5.3.2005, lch. 8, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2005/378/oj).

(7) Measann an Coimisiún nach gá uaschion a shocrú le haghaidh monaihiodráit hidreaclóiríde L-cistéine ar chúiseanna sábháilteachta. Ionas gur féidir rialú níos fearr a dhéanamh, ba cheart an t-uaschion molta a shonrú ar lipéad an bhreiseáin. I gcás ina sáraítear an t-uaschion molta, ba cheart faisnéis áirithe a shonrú ar lipéad na réamh-mheascán lena mbaineann.

(8) Mar thoradh ar údarú monaihiodráite hidreaclóiríde L-cistéine a athnuachan, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2015/2306 a aisghairm.

(9) Ós rud é go dtugtar isteach ceanglas nua maidir le lipéadú an bhreiseáin leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse do na páirtithe leasmhara chun iad féin a ullmhú chun an ceanglas nua sin a eascraíonn as athnuachan an údaraithe a chomhlíonadh.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Athnuachan an údaraithe

Maidir le húdarú na substainte a shonraítear san Iarscríbhinn, ar substaint í a bhaineann le catagóir na mbreiseán 'breiseáin chéadfacha' agus leis an bhfeidhmghrúpa 'comhdhúile blaistithe', déantar é a athnuachan faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Aisghairm

Aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2306.

Airteagal 3

Bearta idirthréimhseacha

1. An breiseán beathaithe monaihiodráit hidreaclóiríde L-cistéine, mar a údaraítear é le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2015/2306, agus réamh-mheascáin a bhfuil an breiseán sin iontu atá beartaithe lena n-úsáid le haghaidh cat agus madraí, agus ar nithe iad a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 15 Aibreán 2027 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 15 Deireadh Fómhair 2026 féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe.

2. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil an breiseán beathaithe dá dtagraítear i mír 1 iontu, atá beartaithe lena n-úsáid le haghaidh cat agus madraí agus ar nithe iad a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 15 Deireadh Fómhair 2028 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 15 Deireadh Fómhair 2026, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh ainmhithe nach bia-ainmhithe iad.

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaistithe.								
2b920	Monaihiodráit hidreaclóiríde L-cistéine	*Comhdhéanamh an bhreiseáin* Monaihiodráit hidreaclóiríde L-cistéine Foirm sholadach *Saintréithriú na substainte gníomhaí* Monaihiodráit hidreaclóiríde L-cistéine Monaihiodráit hidreaclóiríde L-cistéine a tháirgtear trí hidrealú ceirtine ó chleití éanlaithe clóis. $C_3H_7NO_2S{\cdot}HClH_2O$ Uimhir CAS: 7048-04-6 Íonacht: íoschion measúnachta 98,5 % *Modh anailíse* ([1]) Maidir le monaihidreaclóiríd L-cistéine sa bhreiseán beathaithe a shainaithint: — Codex na dTáirgí Ceimiceacha Bia 'monagraf monaihidreaclóiríde L-cistéine' Maidir le cistéin sa bhreiseán beathaithe a chinneadh: — Crómatagrafaíocht malartaithe ian cúpláilte le díorthúchán iarcholúin agus brath optúil (IEC-VIS/FLD)	Cait agus madraí	-	-	-	1. Déanfar an breiseán a ionchorprú sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. 2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, sonrófar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa. 3. Ar lipéad an bhreiseáin, sonrófar an méid seo a leanas: 'Uaschion molta na substainte gníomhaí san ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %: 25 mg/kg.' 4. I gcás ina sáraítear an t-uaschion molta dá dtagraítear i bpointe 3 mar thoradh ar an leibhéal úsáide atá ar lipéad an réamh-mheascáin, sonrófar ar lipéad an réamh-mheascáin na nithe seo a leanas: an feidhmghrúpa, an uimhir aitheantais, an t-ainm agus cion na substainte gníomhaí a cuireadh leis	an 15 Deireadh Fómhair 2036

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
		Maidir le cistéin i réamh-mheascáin a chinneadh: — Crómatagrafaíocht malartaithe ian cúpláilte le díorthúchán iarcholúin agus brath optúil (IEC-VIS) – Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 ón gCoimisiún ([2])					5. Maidir le húsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, is le trealamh cosanta pearsanta don análú, do na súile agus don chraiceann a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin.	

([1]) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga.

([2]) IO L 54, 26.2.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/152/oj).